
Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú ar Aip Facebook

1

Má fheiceann tú ábhar ar aip Facebook, dar leat, a sháraíonn an dlí agus más mian leat an t-ábhar sin a thuairisciú, tapáil na **trí phonc** ar thaobh na láimhe deise ar bharr na postála ba mhaith leat a thuairisciú.





**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar Facebook, mar a bhí i mí na Nollag 2025, a thuiscint. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. D'fhéadfadh sé, ó am go chéile, go n-athrófaí na modhanna tuairiscithe ar Facebook, agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú ar Aip Facebook

**2**


Feicfidh tú roghchlár agus liosta roghanna. Scrolláil síos tríd an roghchlár seo agus tapáil an rogha a deir **Tuairiscigh an phostáil seo**. Má thuairiscíonn tú postáil, ní bheidh a fhios ag an duine nó an cuntas a tuairiscíodh gur tusa a bhí ann.



# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú ar Aip Facebook

3

Fiafrófar díot ansin cén fáth a bhfuil an phostáil á tuairisciú agat agus feicfidh tú liosta de chúiseanna féideartha. Má chreideann tú go sáraíonn an t-ábhar an dlí, tapáil **Tuairiscigh mar mídhleathach**.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú ar Aip Facebook

## 4


Iarrfar ort **an cineál ábhar mídhleathach** ba mhaith leat a thuairisciú a mhíniú agus feicfidh tú liosta roghanna. Ag brath ar an rogha a dhéanann tú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí ceisteanna breise ort. Cliceáil ar an rogha is fearr a oireann do do thuairisc nó, mura bhfuil tú cinnte, cliceáil ar **Tá an t-ábhar mídhleathach ar chúis eile**.



# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú ar Aip Facebook

5

Chomh luath is a phiocann tú an rogha seo, treorófar thú chuig foirm **Iarratas ar dhíothú dlíthiúil** mar a n-iarrfar ort roinnt réimsí a líonadh isteach. Cuimsíonn siad seo, i measc nithe eile, an tír arb as duit agus URLanna an ábhair ba mhaith leat a thuairisciú. Iarrfar ort freisin a dhearbhú go bhfuil an tuairisc seo á déanamh agat de mheon macánta. Chomh luath is a dhéanann tú síniú leictreonach, tá do thuairisc curtha isteach agat.


Legal removal request

This form is intended for reporting content posted on Facebook that you believe violates your personal legal rights or applicable local laws. If you are trying to report a legal issue related to Defamation, Privacy or Intellectual Property, please use the drop-down reporting forms provided below. Before making this request, you may want to seek guidance from a qualified lawyer.

Please note that the content you'd like to report may violate our:

Community Standards (e.g. bullying, harassment, hate speech),
Advertising Policies
Commerce Policies

If you would like to report the content under our Community Standards, please visit the Help Centre.

Select the country where you are claiming legal rights.

This should be the country whose laws you claim are violated by the relevant content.

Ireland

What legal issue do you wish to report?

- Intellectual property (e.g. copyright, trademark)
- Defamation
- Privacy/erasure under GDPR
- I believe that the content violates a law not mentioned above (e.g. hate speech)

Why do you believe that this content violates the specific laws that you believe to be violated?

Please explain which specific laws you believe are violated by the reported content. Provide as much detail as possible and include, via link or attachment, any relevant documentation or evidence supporting your determination, including copies of any investigations, legal actions or decisions that have been made with

6


Tar éis athbhreithniú Facebook, ba cheart go bhfaighfeá fógra faoin toradh agus faoi ghníomh ar bith a rinneadh maidir leis an ábhar a tuairiscíodh, mar aon le roghanna maidir le hachomharc. Ag brath ar an toradh, b'fhéidir go gcinnfeadh Facebook nach dteastaíonn aon ghníomh eile, nó b'fhéidir go gcinnfeadh sé gurbh iomchuí an t-ábhar a **shrianadh** nó a **bhaint**.

Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

**1**

Má fheiceann tú ábhar ar Facebook a mheasann tú a bheith díobhálach nó a sháraíonn, dar leat, a chuid **Caighdeán Pobail** nó rialacha agus ar mhaith leat é a thuairisciú, tá próiseas den chineál céanna i gceist. Ag barr na postála ba mhaith leat a thuairisciú, ar thaobh na láimhe deise, cliceáil ar na **trí phonc** (nó an comhartha focalbhá).




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

## 2

Cosúil leis an gcur síos thuas, feicfidh tú liosta roghanna agus más mian leat an t-ábhar seo a thuairisciú, cliceáil **Tuairiscigh an phostáil seo**.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

3

Arís eile, fiafrófar díot cén fáth a bhfuil an tuairisc á déanamh agat. Feicfidh tú liosta roghanna nó cúiseanna. Is ionann an roghchlár seo agus Caighdeáin Phobail Facebook.




# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

Coimisiún na Meán

## 4


Ag brath ar an rogha a dhéanann tú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí ceisteanna leantacha ort, amhail na cinn seo. Anseo, tá **bulaíocht, ciapadh nó mí-úsáid** á tuairisciú againn.



# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

5

Chomh luath is a bheidh na ceisteanna seo freagartha agat, gheobhaidh tú achoimre ar do thuairisc lena athbhreithniú roimh duit **Cuir isteach** a chliceáil.





# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

Coimisiún na Meán

## 6

Chomh luath is a chuireann tú isteach do thuairisc, gheobhaidh tú uathfhreagairt lena ndearbhófar go bhfuarthas do thuairisc, agus lena sonrófar gníomhartha eile is féidir leat a dhéanamh agus tú ag fanacht le toradh do thuairisce.







Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

## 7


Tar éis athbhreithniú Facebook, ba cheart go bhfaighfeá fógra faoin toradh agus faoi ghníomh ar bith a rinneadh maidir leis an ábhar a tuairiscíodh, mar aon **le roghanna maidir le hachomharc**. Gheobhaidh tú é seo i do **Bhosca Isteach Tacaíochta**. Ag brath ar an toradh, b'fhéidir go gcinnfeadh Facebook nach dteastaíonn aon ghníomh eile, nó b'fhéidir go gcinnfeadh sé gurbh iomchuí an t-ábhar a **shrianadh** nó a **bhaint**.



# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

## 8

Mura mbaineann Facebook an phostáil, ba cheart go mbeifeá in ann achomharc a dhéanamh i dtaobh an chinnidh seo trí **Iarr athbhreithniú eile** a chliceáil.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

9

Más mian leat níos mó eolais i dtaobh do chuid tuairiscí, is féidir breathnú i do **Bhosca Isteach Tacaíochta**. Is féidir é seo a aimsiú sa phríomh-roghchlár trí chliceáil ar na trí líne ar barr d'fhotha ar dheis agus scrolláil síos chuig Bosca Isteach Tacaíochta.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú ar Aip Facebook

## 10

Má chliceálann tú isteach sa Bhosca Isteach Tacaíochta, gheobhaidh tú do stair tuairiscithe. In **Tuairiscí mar gheall ar dhaoine eile**, feicfidh tú na tuairiscí a rinne tú faoi chuntais eile mar aon leis na torthaí a bhí leo. In **do chuid foláireamh**, feicfidh tú tuairiscí a rinne daoine eile mar gheall ortsa ach ní bheidh a fhios agat cé a rinne na tuairiscí seo.



Coimisiún na Meán

# Naisc chuig Acmhainní Breise

**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar Facebook, mar a bhí i mí na Nollag 2025, a thuiscint. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. D'fhéadfadh sé, ó am go chéile, go n-athrófaí na modhanna tuairiscithe ar Facebook, agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

## Acmhainní Facebook

- Conas ábhar a thuairisciú ar Facebook: **www.facebook.com/help/181495968648557**
- Conas ábhar mídhleathach a thuairisciú ar Facebook: **www.facebook.com/help/221452287880942 7/?helpref=hc_fnav**
- Eolas maidir le Caighdeáin Phobail Facebook: **transparency.meta.com/policies/community-standards**

## Acmhainní Choimisiún na Meán

- Le haghaidh tábla cabhrach ar na dlíthe in Éirinn, gabh chuig **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/sabhailteacht-ar-line/ceard-is-abhar-midhleathach-ann**
- Féach ár gcuid treoracha eile ag **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/treoracha-acmhainni**